



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

Baineann cuid mhaith de na logainmneacha in Éirinn le cruth na tíre .i. gnéithe geografacha, idir ghnéithe nádúrtha agus ghnéithe saorga, mar shampla:

- Gnéithe ar nós sléibhte agus cnoic mar shampla Sliabh na mBan, Cnoc Bréanainn, Binn Éadair
- Ainmneacha cois farraige/cois uisce, mar shampla Cora Finne, Cuan Bhaile na Cúirte, Inis Meáin
- Ainmneacha a bhaineann le saothrú na talún agus cineálacha páirceanna. Feicimid ó na logainmneacha seo an **tábhacht** a bhí leis an bhfeirmeoireacht, mar shampla Achadh Beag, Buaille na Nollag, Ceapach an Abhaic
- Talamh atá bog agus fliuch, mar shampla Tulaigh Bhogaigh, Corcaigh, An tImleach, An Riasc, Móinteach Mhílic
- Carraigeacha agus clocha, mar shampla Carraig Fhearghais, An Cloichín, Na Sceirí, Tor Dubhoileáin, Toraigh

Logainmneacha mar fhoinse eolais faoin tírdhreach

Go minic faighimid eolas (nó **leid** ar a laghad) ón logainm faoin **gcuma fisiciúil** a bhí ar áit fadó nó atá fós ar an áit anois.

Athraíonn an tírdhreach thar na blianta. Fágann seo i gcás áiteanna áirithe nach ionann an chuma a bhí ar áit fadó nuair a **cumadh** an logainm agus an chuma atá ar an áit anois. Mar shampla i gcás áite atá ainmnithe **as** coill, d'fhéadfadh an choill a bheith leagtha anois nó i gcás áite atá ainmnithe as crosbhóthar, d'fhéadfadh nach bhfuil an crosbhóthar ann a thuilleadh. Mar sin tá na logainmneacha a bhaineann le **gnéithe fisiciúla an-tábhachtach** mar fhoinse eolais faoin gcuma a bhí ar áiteanna áirithe tráth dá raibh.

Baill an choirp

Uaireanta feicimid ainmneacha bhaill an choirp sna logainmneacha a bhaineann le gnéithe fisiciúla. Chonaic ár sinsir cosúlacht idir na gnéithe fisiciúla sin agus baill an choirp agus sin an fáth ar úsáid siad sna logainmneacha iad.

Gaeilge	Béarla	Contae
An Chluais	<i>Cloosh</i>	Gaillimh
An Mullach Bán	<i>Mullaghbawn</i>	Ard Mhacha
An tÉadan Mór	<i>Edenmore</i>	An Cabhán
An Más	<i>Mace</i>	Gaillimh
An Uillinn	<i>Illion</i>	Dún na nGall
Bá Ghleann Cluasach	<i>Glencloosaigh Bay</i>	Ciarraí
Baile Aghaidh Chaoin	<i>Balleeghan</i>	Dún na nGall
Béal an Ghoile Thuaidh	<i>Bellagelly North</i>	Maigh Eo
Béal Átha Glúinín	<i>Ballyglooneen</i>	Gaillimh
Béal Feirste	<i>Belfast</i>	Aontroim
An Ceann Caol	<i>Cankeel</i>	Liatroim
Buaille na Scornaí	<i>Ballinascorney</i>	Baile Átha Cliath
Carraig na Muineál	<i>Fogarty's Rock</i>	Gaillimh
Cluain Fiacla	<i>Cloonfeacla</i>	Liatroim
Cnoc na Lorgan	<i>Knocknalorgan</i>	Corcaigh



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

Corróg Mhór	<i>Corrogemore</i>	Tiobraid Árann
Cosa Fuara	<i>Cussafoor Island</i>	Gaillimh
Crois na Láimhe	<i>The Hand Cross Roads</i>	An Clár
Droim an Lobhair Beag	<i>Drumalure Beg</i>	An Cabhán
Loch na Súil	<i>Lough Nasool</i>	Sligeach
Malá na dTinte	<i>Mollynadinta</i>	Liatroim
Mín na gCnámh	<i>Meenagrauv</i>	Dún na nGall
Sceadamán	<i>Scaddaman</i>	Dún na nGall
Scornach Chill Dalua	<i>Killaloe Gorge</i>	An Clár
Srón Bhinn Éadair	<i>Nose of Howth</i>	Baile Átha Cliath
Tóin re Gaoith	<i>Tanderagee</i>	An Cabhán
Ucht Dara	<i>Oughtdarra</i>	An Clár
Coill na Gualainne	<i>Kilnagoolny</i>	Uíbh Fhailí
An Mhéar	<i>Lady's Finger</i>	An Mhí

Míreanna i logainmneacha a bhaineann le gnéithe fisiciúla

Is féidir linn an chiall atá le logainm a thuiscint trí fhéachaint ar an mír nó ar na míreanna san fhoirm Ghaeilge den logainm. Seo liosta míreanna a bhaineann le gnéithe geografacha agus samplaí de logainmneacha a bhfuil na míreanna sin iontu. Má fhéachann tú go cúramach ar an liosta, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann go leor logainmneacha a thuiscint anois.

Gaeilge	Béarla	Samplaí
Míreanna a bhfuil baint acu le sléibhte agus cnoc		
ard	height, high	Ard Mhacha / <i>Armagh</i> ; Cluain Ard / <i>Clonard</i> (Cill Chainnigh)
barr	top	Barr an Fheadáin / <i>Flag Staff</i> (Ard Mhacha); Gleann Bhairr / <i>Glenvar</i> (Dún na nGall)
beann	<i>féach binn</i>	
bearn	<i>féach bearna</i>	
bearna	gap	Bearna / <i>Barna</i> (Gaillimh, Tiobraid Árann); Lios Dúin Bhearna / <i>Lisdoonvarna</i> (An Clár); Bearn Mhín / <i>Barnmeen</i> (An Dún); An Bhearnaidh / <i>Barna</i> (Dún na nGall)
bearnaidh	<i>féach bearna</i>	
binn	peak	Binn Éadair / <i>Howth</i> (Baile Átha Cliath); An Bhinn Mhór / <i>Ben More</i> (Gaillimh); Beanna Bó / <i>Benbo</i> (Liatroim)
cnoc	hill	Tigh an Chnoic / <i>Ticnick</i> (Baile Átha Cliath), Cnoc Bréanainn / <i>Brandon Mountain</i> (Ciarraí)



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

cnocán	hillock	Cnocán an Churraichín / Knockaunacurraheen (Ciarraí); An Cnocán Bán / Knockanbaun (Luimneach)
corr	round hill, pointed hill, hollow, pointed, conspicuous, odd	Corr an Aoire / Corraneary (An Cabhán, Liatroim); Bóthar na gCorr / Bohernagore (Luimneach); An Corrbhaile / Corbally (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach)
éadan	brow	Éadan Doire / Edenderry (Uíbh Fhailí); Éadan na dTorc / Edendork (Tír Eoghain)
leaca	hillside	An Leaca Bhuí / Lackaboy (Ciarraí); Leacain an Éadain / Flagmaunt (An Clár); Baile na Leacan / Ballynalacken (Luimneach)
leacain, leacan	<i>féach leaca</i>	
maol	bare, derelict, flat-topped (hillock)	Maol Domhnaigh / Muldonagh (Doire); Na Foráí Maola / Forramoyle (Gaillimh); Maolráth / Maelra (Luimneach)
mín	mountain pasture	Mín an Aoire / Meenaneary (Dún na nGall); Na Mínte Móra / Meentaghtmore (Dún na nGall); Mín Liatroma / Meenleirim (Ciarraí)
mullach	hilltop	An Mullach Bán / Mullaghbawn (Ard Mhacha); Mullaigh na hInse / Mullynahinch (Muineachán)
mullaigh	<i>féach mullach</i>	
óin	<i>Féach uaimh</i>	
sliabh	mountain, moor	Cill Shléibhe / Killevy (Ard Mhacha), Killea (Tiobraid Árann); Sliabh na mBan / Slievenamon (Tiobraid Árann)
taobh	(hill-)side	An Taobh Bán / Tievebaun (Gaillimh); Taobh an Locha / Tievalough (Dún na nGall)
tulach	hillock	Tulach Mhór / Tullamore (Uíbh Fhailí); Aill na Tulach / Corkscrew Hill (An Clár); Tulaigh an Draighin / Tullandreen (An Cabhán)
tulaigh	<i>féach tulach</i>	



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

Míreanna a bhfuil baint acu le carraigeacha agus clocha		
ail	cliff	Aillte an Mhothair / Cliffs of Moher (An Clár); An Aill Mhór / Aillemore (An Clár, Maigh Eo); An Fhail Dearg / Foildarrig (Corcaigh)
carn	cairn, pile of rocks	Carn Albanach / Carnalbanagh (Aontroim); Ráth Chairn / Rathcarran (An Mhí)
carraig	rock	An Dúcharraig / Blackrock (Corcaigh), Carraig an tSionnaigh / Foxrock (Baile Átha Cliath)
cloch	stone building/structure	Cloch Shiurdáin / CloghJordan (Tiobraid Árann); Cloch an Mhuilinn / Clonmuillin (Cill Dara)
cloch	stone	Na Clocha Dubha / Cloghadhu, Cloghadoo (Ciarraí); Baile na gCloch / Stonetown (Luimneach); Gort Cloiche / Gortclohy (Ciarraí)
clochán	stepping-stones, causeway, old stone structure	Clochán an Aifir / Giant's Causeway (Aontroim); An Clochán Liath / Dunglow (Dún na nGall)
clochar	stony place	An Clochar Riabhach / Clogherrevagh (Sligeach); Cloichear Bhriain / Clogherbrien (Ciarraí)
cloich	<i>féach cloch</i>	
cloichear	<i>féach clochar</i>	
cloichín	little stones; little stone structure	An Cloichín / Clogheen (Corcaigh)
craig	<i>féach creag</i>	
creag	rock, crag	An Chreag / Craggs (Luimneach); Creig an Bháda / Craigavad (An Dún); Craig an Chnoic / Craggaknock (An Clár); An Screig / Scregg (Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comán)
creagán	rocky place	Creagán Eoghain / Craggaunowen (An Clár); An Screagán / Scriggan (Doire)
creig	<i>féach creag</i>	
faill	<i>féach aill</i>	
leac	flatstone or rock	An Leac Dhearg / Lackderyg (Dún na nGall); An Chorrleac / Corlack (An Clár)



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

óin, ón	<i>féach uaimh</i>	
sceirí	reef	Na Sceirí / Skerries (Baile Átha Cliath)
screagán	<i>féach creagán</i>	
screig	<i>féach creag</i>	
tóchar	causeway	An Tóchar / Togher (Uíbh Fhailí); Cnoc an Tóchair / Knocktopher (Cill Chainnigh)
tor	tall rock, steep rocky height, bush	Tor Dubhoileáin / Turduvillaun (Maigh Eo); Toraigh / Tory Island (Dún na nGall)
uaimh	cave, souterrain	An Uaimh / Navan (An Mhí); Corr na hUamha / Cornahoe (Muineachán); Cnoc na hÓn / Knocknahoe (Ciarraí)
Míreanna a bhfuil baint acu le huisce		
abha	<i>féach abhainn</i>	
abhainn	river	An Abhainn Mhór / River Blackwater (Ard Mhacha, Tír Eoghain, Muineachán); An Abha Mhuimhneach / Munster River (Cill Chainnigh, Tiobraid Árann)
áth	ford	Baile Átha Cliath / Dublin ; Béal Átha Liag / Lanesborough (An Longfort)
bá	bay	Bá Fhionáin / Saint Finan's Bay (Ciarraí)
béal	opening, approach, mouth	(‘Áth’ a leanann é de ghnáth) Béal Átha na Sluaighe / Ballinasloe (Gaillimh); Béal an Átha / Ballina (Tiobraid Árann)
bun	(river-)mouth, bottom(-land)	Bun Raite / Bunratty (An Clár); An Bun Beag / Bunbeg (Dún na nGall)
caol	narrow, a narrow marshy stream	An Caol / Keale (Luimneach); Loch na dTrí gCaol / Castlemaine Harbour (Ciarraí)
ceann	head, headland	Na Seacht gCeanna / Seven Heads (Corcaigh); An Cionn Bán / Whitehead (Aontroim)
cionn	<i>féach ceann</i>	



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

cora	weir, stone-fence, ford	Cora Finne / Corrofin (An Clár), Cora Droma Rúisc / Carrick-on-Shannon (Liatroim); Coraidh Ghalracht / Carrickaldragh (Muineachán); Droichead na Corann / Curraghbridge (Luimneach)
coraidh, corann	<i>féach cora</i>	
cuan	bay, harbour, recess	Cuan Bhéil Inse / Valencia Harbour (Ciarraí); Cuan na Gaillimhe / Galway Bay (Gaillimh)
eas	waterfall	Béal Easa / Foxford (Maigh Eo)
glaise	<i>féach glas</i>	
glas	stream	Glas Naíon / Glasnevin (Baile Átha Cliath); Glaise na Muice / Glassamucky (Baile Átha Cliath)
inbhear	estuary, river-mouth	An tInbhear Mór / Arklow (Cill Mhantáin)
inis	island, river meadow	Deilginis / Dalkey (Baile Átha Cliath); Inis Meáin / Inishmaan (Gaillimh); Inse Geimhleach / Inchigeelagh (Corcaigh)
inse	<i>féach inis</i>	
leithinis	half-island or peninsula	An Leithinse / Lehinch (An Clár); Leithinise / Lehinch (Gaillimh)
loch	lake, inlet	Loch Garman / Wexford (Loch Garman); Loch nEathach / Lough Neagh (Aontroim, Ard Mhacha, Doire, Tír Eoghain)
móta	mound	An Móta / Moate (An Iarmhí); Baile an Mhóta / Ballymote (Sligeach)
oileán	island	Oileáin Árann / Aran Islands (Gaillimh); Oileán na nUan / Lamb Island (Baile Átha Cliath)
poll	hole, pool, tidal stream?, stream	Poll an Chapaill / Poulacapple (An Clár); Gort na bPoll / Gortnaboul (Ciarraí); Ceann Poill / Campile (Loch Garman)
port	port, bank, fort	An Port / Port (Luimneach, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Maigh Eo); Port Láirge / Waterford
rann	<i>féach rinn</i>	
reanna	<i>féach rinn</i>	



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

rinn	point, headland	An Rinn / Reen (Ciarraí); Rann na Feirste / Rinnafarset (Dún na nGall); Port Reanna / Portrunny (Ros Comáin)
ros	promontory, (wooded) height, wood	Ros Muc / Rosmuck (Gaillimh)
tobar	well	Tobar Rí an Domhnaigh / Sunday's Well (Corcaigh); Tobar Mór / Tobermore (Doire, Maigh Eo)
trá	strand/beach	Trá Mhór / Tramore (Port Láirge); An Trá Bhán / White Strand (Gaillimh); Fionntrá / Ventry (Ciarraí); Gort na Trá / Gortnatraw (Dún na nGall)
turlach	turlough	Cnoc an Turlaigh / Turlough Hill (An Clár, Cill Mhantáin), An Turlach / Turlough (Gaillimh, An Clár)
Míreanna a chiallaíonn talamh atá bog agus fluich		
bogach	soft/boggy ground	Tulaigh Bhogaigh / Tullyvogy (Muineachán); Taobh an Bhogaigh / Bogside (Doire, Dún na nGall)
corcach	marsh	Corcaigh / Cork (Corcaigh); Corcach Mhór / Corcamore (Luimneach)
currach	marsh	Lios Curraigh / Liscorry (Lú); Na Curracha / Curragha (Liatroim)
eanach	marsh	Eanach na Madadh / Annaghnammaddoo (Liatroim); Na hEanaigh / Heney (An Cabhán)
imleach	marginal land	An tImleach / Emlagh (Ciarraí); Baile na nImleach / Ballinimlagh (Corcaigh)
leitir	hillside	Leitir Beag / Letterbeg (Maigh Eo); Leitir Ceanainn / Letterkenny (Dún na nGall); Leitreach Ard / Letterard (Gaillimh)
leitreach	<i>féach leitir</i>	
móin	bogland	Móin an Phíobaire / Pipersbog (Corcaigh); Móin Alúine / Bog of Allen (Cill Dara); Gort ar Mónaidh / Gortermone (Liatroim)
móinteach	moorland	Móinteach Mhílic / Mountmellick (Laois); An Móinteach / Montiagh (Sligeach)
mónaidh	<i>féach móin</i>	



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

muireasc	marshy seashore	Muraisc / Murrisk (Maigh Eo)
riasc	marsh	An Riasc / Reask (Luimneach); Cill Réisc / Kilreesk (Baile Átha Cliath)
seisceann	swamp, bog	Seisceann Siúil / Sheskinshule (Tír Eoghain); Achadh an tSeiscinn / Aghateskin (Muineachán)
sraith	<i>féach</i> sraith	
sraith	holm, river-meadow, valley-bottom	An Srath Bán / Strabane (Tír Eoghain); An tSraith Mhaol / Sruveel (Muineachán)
Míreanna a bhfuil cineálacha páirceanna/talaimh/aonaid talaimh i gceist leo		
-ach	<i>féach</i> achadh	
achadh	field	Achadh an Dá Chora / Charlemont (Ard Mhacha), Garbhachadh / Garvagh (An Cabhán)
bán	white, grassy, tract of lea-ground, lea-field	An Bán Fionn / Banefune (Corcaigh); Bántír / Banteer (Corcaigh)
buaille	cattle-fold, summer-pasture	Buaille na Nollag / Boleynanollag (Gaillimh); Cnoc na Buaille / Knocknabooly (Cill Chainnigh, Corcaigh)
cartún	quarter (land measure)	An Cartún / Cartron (Gaillimh); Cartún an Turlaigh / Turloughcartron (Gaillimh)
ceapach	plot of land, tillage plot	Ceapach an Abhaic / Cappanouk (Luimneach); Na Ceapacha Caola / Cappakeela (Gaillimh); Ceapaigh an Gharráin / Mountpleasant (Uíbh Fhailí)
ceapaigh	<i>féach</i> ceapach	
ceathrú	quarterland	An Cheathrú Rua / Carrowroe (Gaillimh, Sligeach); Na Ceathrúna / Carhoona (Ciarraí)
ceathrú	quarter	An Cheathrú Rua / Carrowroe (Gaillimh); An Leathcheathrú / Lecharry (An Cabhán)



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

clais	trench, ravine	Clais an Ghainimh / Clashaganniv (Corcaigh); An Chlais Rua / Clashroe (Corcaigh, Port Láirge, Uíbh Fhailí)
clár	plank bridge, plain	An Clár / Clare (An Clár, An Dún, Gaillimh, Tír Eoghain); Baile Chláir / Claregalway (Gaillimh)
cluain	pasture, meadow	Cluain Mhic Nóis / Clonmacnoise (Uíbh Fhailí); Cluaine / Cloney (Cill Dara)
cluaine	féach cluain	
coimín	commonage, common land, little hollow, glen	An Coimín / Common (Gaillimh); Buaile an Choimín / Ballycommon (Cill Chainnigh)
com	hollow, coomb	Com an Áir / Coumanare (Ciarraí); Pointe an Choma Dhóite / Brandon Head (Ciarraí)
cúigiú	a fifth part (of land)	An Cúigiú Cuid / Cooguquid (An Clár)
drom	ridge	Drom idir Dhá Loch / Dromdiralough (Ciarraí); Dún Droma / Dundrum (Baile Átha Cliath, An Dún, Loch Garman, Tiobraid Árann)
drom	féach drom	
dromainn	ridge	An Dromainn / New Inn (An Cabhán)
fearann	land	Fearann an Choirce / Oatlands (Luimneach); Fearann na Buaille / Farranboley (Baile Átha Cliath)
garraí	garden, court	Goirtín an Gharraí / Gardenfield (Luimneach); An Seangharraí / Shanagarry (Corcaigh, Port Láirge)
gart	féach gort	
gleann	glen, valley	Gleann Dá Loch / Glendalough (Cill Mhantáin); Gleann Arma / Glenarm (Aontroim); Glinn Chatha / Glencoh (Gaillimh); Loch Glinne / Loughglinn (Ros Comán)
glinn, glinne	féach gleann	
gníomh	12th part of a ploughland	Na Gníomha / Gneeves (Corcaigh); An Gníomh / Gneeve (Maigh Eo)
goirtín	little field	Goirtín Darach / Gorteendarragh (Liatroim); Barr na nGoirtíní / Barnagorteeny (Gaillimh)



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

gort	field	Gort na Pise / Peafield (Luimneach); An tArdghort / Ardgort (Corcaigh); Gartán / Bellville or Gartan (Dún na nGall)
lag	<i>féach lag</i>	
log	hollow	Log an tSneachta / Legatraghta (An Cabhán); Lag an Aoil / Legoneil (Aontroim)
lorga	<i>féach lorgain</i>	
lorgain	long low ridge, strip of land	An Lorgain / Lurgan (Liatroim); Baile na Lorgan / Ballylurgan (Aontroim); An Lorga / Lurraga (An Clár)
lota	lot	Lotáí an Bhaile / Townlots (Corcaigh); Lota Goldsmith / Goldsmithslot (Uíbh Fhailí)
machaire	plain	An Machaire Fada / Magherafadda (Maigh Eo); Machaire na Mumhan / Golden Vale (Tiobraid Árann)
magh	<i>féach maigh</i>	
maigh	plain	Maigh Eo / Mayo (Maigh Eo, Liatroim); Maigh Nuad / Maynooth (Cill Dara); Magh / Moe (An Clár)
mín	smooth, mountain pasture	Cúil Mhín / Coolmine (Baile Átha Cliath); Mín Chaorach / Meenkearagh (Corcaigh)
páirc	field	Páirc na mBó / Cowpark (Luimneach); Páirc an Churraigh / Parkacurry (Gaillimh)
seisíoch	a sixth part (of land)	An Seisíoch / Sessiagh (Liatroim); Seisíoch Chill Ghrianna / Sess Kilgreen (Tír Eoghain)
seisreach	ploughland	An tSeisreach Chaol / Shesheraghkeale (Tiobraid Árann); Seisreach Scanlái / Shesheraghscanlan (Tiobraid Árann)
táite	tate (a tate is a land measure of about 60 acres)	An Táite Gearr / Tattygare (Muineachán); Táite na dTamhnach / Tattindonagh (Muineachán)
tamhnach	arable place, field	Achadh Tamhnaí / Aghatawny (Liatroim); An Tamhnaigh Mhór / Tawnamore (Sligeach)
tír	land, territory	Tír Mhic Calláin / Teermaclane (An Clár); Tóin Tíre / Tonteere (Luimneach)
tóin	bottom(-land)	Tóin re Gaoith / Tandragee (Ard Mhacha); Leatón / Latton (Muineachán)
tón	<i>féach tóin</i>	



3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha

trian	a third part (of land)	An Trian Bán / Treanbaun (Gaillimh); An Trian Láir / Treanlaur (Maigh Eo)
tuar	animal-enclosure, paddock, (cultivated) field, pasture	An Tuar Mór / Toormore (Gaillimh); Tuar Mhic Éadaigh / Toormakeady (Maigh Eo)
tuairín	little animal-enclosure, little paddock, little (cultivated) field, little pasture	Tuairín na nÉan / Tooreennanean (Corcaigh); Loch an Tuairín / Lough Atooreen (Gaillimh)
Gnéithe saorga		
bealach	way, pass	Bealach Conglais / Baltinglass (Cill Mhantáin); Maigh Bhealaigh / Moyvally (Cill Dara)
bóthar	road	An Bóthar Buí / Yellowbatter (Lú); Gabhal an Dá Bhóthar / Gouldavoher (Luimneach)
crois	cross, crossroads	Crois Mhaoilíona / Crossmolina (Maigh Eo); Cros Doire / Crossderry (An Clár, Gaillimh)
cros	<i>féach crois</i>	
droichead	bridge	Droichead Átha / Drogheda (Lú); Cill Droichid / Celbridge (Cill Dara)



CEAHTANNA

Freagair na ceisteanna

1. **Crois na Láimhe.** Cé mhéad bóthar a thagann le chéile anseo, meas tú? **Leid:** Féach an taifead cartlainne a ghabhann leis an áit ar [logainm.ie](http://www.logainm.ie/104141.aspx): <http://www.logainm.ie/104141.aspx>.

.....

Is éard atá sna taifid chartlainne ná tagairtí stairiúla a thugann eolas maidir le litriú ainm na háite ag am áirithe, mar shampla i leabhar. Bíonn nótaí mínithe agus samplaí den fhoghraíocht ar chuid de na taifid freisin

2. **Béal Átha Glúinín.** Cén fáth a bhfuil 'glúin' mar chuid den logainm seo? **Leid:** Féach an nóta a thugann an míniú is dócha a ghabhann leis an logainm ag an nasc seo: <http://www.logainm.ie/21384.aspx>.

3. Tá míreanna a bhaineann le **gnéithe fisiciúla** in ainmneacha contaetha áirithe. Líon isteach ainmneacha na contaetha sin agus brí na míreanna sa tábla thíos. Tá an chéad cheann déanta.

Mír	Brí na míre	Ainm an chontae
ard	height, high	Ard Mhacha
tír		
loch		
maigh		
corcach		
port		
droim		(Leid: tá droim litrithe mar troim i gcás an logainm seo agus ní Aontroim atá i gceist!)



CEACHTANNA

Rangú logainmneacha de réir téamaí

Cuir na logainmneacha seo a leanas sna colúin chearta sa tábla thíos de réir na dtéamaí lena mbaineann siad. Tá roinnt samplaí déanta.

Sliabh Mis	An Life	An Bán Fionn	Cosa Fuarra
Carraig Fheargais	Corcach Mhór	An Bóthar Gearr	An Uillinn
Cnoc Mhuire	Loch nEathach	An Cheathrú Rua	Muraisc
Teach na Sagart	Na Sceirí		

Baill choirp	Sléibhte agus cnoic	Carraigeac ha agus clocha	Uisce	Talamh bog agus fluich	Cineálacha páirceanna/ talaimh/ aonaid talún	Gnéithe saorga
An Chluais	Cnoc Bréanainn	Aillte an Mhothair	An Abhainn Mhór	Corcaigh	Maigh Eo	Droichead Nua

Brí logainmneacha

Má fhéachann tú go **cúramach** ar liosta de na **míreanna** coitianta a bhaineann le **gnéithe fisiciúla**, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann an chiall atá le go leor logainmneacha a thuiscint anois. Líon isteach an **bhrí** liteartha i mBéarla sa tábla thíos. Tá dhá cheann déanta duit.

Leid: Tá nótaí mínithe ag gabháil le cuid de na logainmneacha ar www.logainm.ie. Ná déan dearmad go gcaithfidh tú cliceáil ar na torthaí ar chlé chun tuilleadh sonraí i dtaobh na háiteanna a fheiceáil ar dheis:

barr an tSléibhe

Sráidainmneacha san áireamh

Barr an tSléibhe Barrinclair
(baile fearainn)
Corcaigh

Barr an tSléibhe/Barratieva
(baile fearainn)
Gaillimh

léarscáil **sonraí**

contae **Corcaigh/Cork**

barúntacht **Baróidigh/Barretts**

paróiste dli **Mainistir na Móna/Mourneabbey**

baile fearainn **Barr an tSléibhe**
gn. Bharr an tSléibhe ainm neamhdheiríochta (Gaeilge)
Barrinclair
(Béarla)

Nóta mínithe
“ the top of the mountain ”

Taifid chartlainne
 taifid téacs

Nasc buan
<http://www.logainm.ie/57377.aspx>



CEAHTANNA

Leid: Mura bhfuil nóta mínithe ag gabháil le háit b'fhiú féachaint ar na taifid chartlainne a ghabhann le cuid de na háiteanna ar www.logainm.ie. Séard atá sna taifid chartlainne ná **tagairtí stairiúla** a thugann eolas maidir le **litriú** ainm na háite ag am áirithe, mar shampla i leabhar. Bíonn nótaí mínithe agus samplaí den fhoghraíocht ar chuid de na taifid freisin.

The screenshot shows the Logainm.ie search interface. On the left, there is a search box containing 'maigh easa' and a dropdown menu showing 'Ainmneartha cosúla'. Below this, a red box highlights the search results for 'Maigh Easa/Moyassa (baile fearainn) Ciarraí'. The main area displays a list of historical records for 'Maigh Easa, 'plain of the cataract'' (1841), which is circled in red. The records include various historical documents such as 'Cess Coll.:AL, Leathanach C1047,10', 'Mahony, Rev. J.:AL, Leathanach C1047,10', 'TCB:AL, Leathanach C1047,10', 'Meresman:AL, Leathanach C1047,10', 'Rent Receipt 1837:AL, Leathanach C1047,10', 'Applot.:AL, Leathanach C1047,10', 'Local:AL, Leathanach C1047,10', 'BS:AL, Leathanach C1047,10', 'Smith Eng. Map:AL, Leathanach C1047,10', 'Bar. Map:AL, Leathanach C1047,10', 'Vallancey Map:AL, Leathanach C1047,10', 'Acts of Settlement:AL, Leathanach C1047,10', 'OC:AL, Leathanach C1047,10', 'OD:AL, Leathanach C1047,10 [pl. gianta]', and 'Larkins (C):AL, Leathanach C1047,10'. The copyright notice at the bottom right reads '© Rialtas na hÉireann 2009'.

Logainm	Bri liteartha i mBéarla
Glas Naíon	the stream of (the) infants
Maigh Easa	plain of the cataract (i.e waterfall)
Cluain Mór	
Baile na Bearna	
Binn na Gaoithe	
An Cnoc Mór	
Mullach an Droma	
Sliabh Cairn	
Aill na Tulach	
Loch na Carraige	
Gort na gCloch	
An Abhainn Dubh	
Eanach Átha	
Bá Chois Locha (leid: cois = beside)	
Béal Átha Glúinín	
Bun an Ghleanna	
Ceann Tóchair	
Cuan na Gaillimhe	
An Log Glas (leid: glas = green sa logainm seo)	
Barr an tSléibhe	
Inis Beag	
Loch an Tuairín	
Oileán na Carraige	
Currach na bPoll	




CEACHTANNA

Béal Trá	
Corcach Mhór	
Drom Riasc	
Gleann an Ghoirt	
Maigh Rua	
Páirc na Carraige	
An Bóthar Buí	
Seanghualainn (leid : tá an logainm seo comhdhéanta de 'sean' agus de 'gualainn')	

Baill an choirp i logainmneacha

Féach ar an íomhá thíos. Aimsigh logainmneacha ar www.logainm.ie ina bhfuil na deich mball coirp luaite.



Leid: seo nasc chuig treoracha maidir le cuardach a dhéanamh ar shuíomh [logainm.ie](http://www.logainm.ie):

Gaeilge: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menulitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=ga>

Béarla: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menulitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=en>

Bain triail as, uimhir uatha, uimhir iolra, agus tuiseal ginideach na mball coirp a chuardach chun teacht orthu ar www.logainm.ie. Is féidir na foirmeacha uatha, iolra agus ginidigh a lorg ar www.focal.ie nó i bhfoclóir.

Tar éis cuardach a dhéanamh, is minic a fheicfidh tú bosca aníos faoin mbosca cuardaigh. Anseo, gheobhaidh tú liosta ainmneacha eile atá cosúil leis an mír/ainm a scríobh tú isteach.



CEACHTANNA

Mar shampla má chuireann tú an mhír **aghaidh** sa bhosca cuardaigh, gheobhaidh tú an logainm Aghaidh Bhéil:

aghaidh

Sráidainmneacha san áireamh

Aghaidh Bhéil (1)

Aghaidh Bhéil/Brookpark
(baile fearainn)
Corcaigh

Má chliceálann tú ar an liosta aníos feicfidh tú logainmneacha eile a bhfuil an mhír 'aghaidh' iontu.

aghaidh

Sráidainmneacha san áireamh

- Aghaidh Bhéil (1)
- Aghaidh Bhéil (1)**
- Baile Aghaidh Chaoin (1)
- Cinn ar Aghaidh (1)
- Aghada (2)
- Aghada (2)
- Aghadoe (4)
- Aghagad (2)
- Aghagadda (1)
- Aghody (1)
- Aghadrumgowna (1)
- Aghadoon (2)
- Aghagad Beg (1)
- Aghada Lower (1)
- Aghada Upper (1)
- Aghadacher (1)
- Aghadaghly (1)
- Aghadangan (1)
- Aghadark (1)
- Aghadaugh (1)
- Aghadavoyle (1)
- Aghadavy (1)
- Aghadegnan (1)
- Aghaderg (1)
- Aghaderrard East (1)
- Aghaderrard West (1)
- Aghaderry (2)
- Aghaderryloan (1)
- Aghadiffin (1)
- Aghadolgan (1)
- Aghadonagh (2)



CEAHTANNA

1. aghaidh

.....

2. ceann

.....

3. gualainn

.....

4. beál

.....

5. srón

.....

6. goile (**Leid:** cuardaigh tuiseal ginideach na míre 'goile' .i. 'an ghoile')

.....

7. méar

.....

8. lámh (**Leid:** cuardaigh tuiseal ginideach na míre 'lámh' .i. 'lámhe')

.....

9. cos (**Leid:** cuardaigh tuiseal ginideach na míre 'cos' .i. coise)

.....

10. scornach

.....



CEAHTANNA

Luaigh logainmneacha a bhfuil míreanna ar leith iontu

Tá an chéad cheann déanta.

Leid: Bain triail as uimhir uatha, uimhir iolra, agus tuiseal ginideach na míreanna a chuardach chun teacht orthu ar www.logainm.ie. Mar shampla más í an mhír binn atá á lorg agat cuardaigh na leaganacha seo a leanas:

- Cuardaigh ‘binn’ agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Binn Éadair**
- Cuardaigh ‘bhinn’ mar a bheadh an mhír ar lorg an ailt agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **An Bhinn Bhán**
- Cuardaigh ‘binne’ mar a bheadh an mhír sa tuiseal ginideach agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Ceann na Binne**
- Cuardaigh ‘beanna’ mar a bheadh an mhír san uimhir iolra agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Beanna Bó**

1. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **ard** mar chuid de? **Freagra:** ‘height, high’ is brí leis, tá sé sa logainm Ard Mhacha.

2. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **binn** mar chuid de?

.....

3. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **cnoc** mar chuid de?

.....

4. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **sliabh** mar chuid de?

.....

5. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **ail** mar chuid de?

.....

6. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **carraig** mar chuid de?

.....

7. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **béal** mar chuid de?

.....

8. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **currach** mar chuid de?

.....

9. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **achadh** mar chuid de?

.....



CEACHTANNA

10. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **maigh** mar chuid de?

.....

Léamhthuiscint

Léigh an t-alt faoin **gCeapach** ag an nasc seo a leanas agus freagair na ceisteanna thíos. Tabhair faoi deara go bhfuil **leagan** Gaeilge agus Béarla den alt ar fáil ach cliceáil ar na cnaipí ‘Leagan Gaeilge’ nó ‘English version’ ag barr an scáileáin ar dheis. Ní bheidh ach tús an nóta mínithe le feiceáil nuair a leanfaidh tú an nasc thíos. Beidh ort cliceáil ar ‘breis’/‘more’ chun an t-alt iomlán a léamh.

<http://www.logainm.ie/48664.aspx>

An Cheapach / *Cappagh White*

1. Cén cineál áite é An Cheapach?

.....

2. Cén contae ina bhfuil An Cheapach?

.....

3. An **sloinne** nó dath atá i gceist le *White* sa logainm seo?

.....

4. Cad é **litriú** comónta Béarla an lae inniu ar an áit? (.i. cén litriú Béarla ar an áit a úsáideann muintir na háite inniu?)

.....

5. Céard is **brí** de ghnáth leis an **mír ceapach**?

.....

6. An féidir leat smaoineamh ar logainmneacha eile a bhfuil an mhír **ceapach** iontu? Mura ritheann samplaí leat is féidir brabhsáil ar www.logainm.ie chun teacht ar shamplaí.

.....



CEAHTANNA

Léamhthuiscint

Léigh an t-alt faoin g**Clochán Liath** ag an nasc seo a leanas agus freagair na ceisteanna thíos. Tabhair faoi deara go bhfuil **leagan** Gaeilge agus Béarla den alt ar fáil ach cliceáil ar na cnaipeí 'Leagan Gaeilge' nó 'English version' ag barr an scáileáin ar dheis.

<http://www.logainm.ie/14628.aspx>

An Clochán Liath / *Dunglow*

1. Cén contae ina bhfuil **An Clochán Liath**?

.....

2. Cén Ghaeltacht ina bhfuil **An Clochán Liath** suite?

.....

3. Níl gaol sanasaíoch (.i. ó thaobh céille de) ag an dá logainm le chéile. Luaitear sampla eile de logainm cáiliúil in Éirinn a bhfuil an feiniméan seo i gceist leis. Luaigh an logainm eile.

.....

4. Bhí leagan Béarla eile ag an áit tráth in ionad *Dunglow* de réir Sheáin Uí Dhonnabháin. Céard é an leagan Béarla eile?

.....

5. Cad is brí le **An Clochán Liath**?

.....

6. An féidir leat smaoinemh ar logainmneacha eile a bhfuil an mhír clochán iontu? Mura ritheann samplaí leat is féidir brabhsáil ar www.logainm.ie chun teacht ar shamplaí.

.....



CEAHTANNA

Léamhthuiscint

Léigh an t-alt faoi **Bhearna Bhealach Sailearnáin** ag an nasc seo a leanas agus freagair na ceisteanna thíos. Tabhair faoi deara go bhfuil **leagan** Gaeilge agus Béarla den alt ar fáil ach cliceáil ar na cnaipí ‘Leagan Gaeilge’ nó ‘English version’ ag barr an scáileáin ar dheis.

<http://www.logainm.ie/113169.aspx>

Bearna Bhealach Sailearnáin / Sally Gap

1. Cén contae ina bhfuil **Bearna Bhealach Sailearnáin**?

.....

2. Cad is **brí** le **bearna**?

.....

3. Cad is brí le **bealach**?

.....

4. Cad is brí le **sail**?

.....

5. Cad é an bhrí a d’fhéadfadh a bheith le **sailearnán** (tuiseal ginideach: **sailearnáin**)?

.....

6. An ainm duine atá i gceist le *Sally* sa logainm seo?

.....

7. An féidir leat smaoineamh ar logainmneacha eile a bhfuil na **míreanna bearna** nó **bealach** iontu? Mura ritheann samplaí leat is féidir brabhsáil ar www.logainm.ie chun teacht ar shamplaí.

.....